



Deontais faoin Acht Ealaíon 2003 Foirm iarratais 2021.

Ní mór iarratais a bheith faighte ag Comhairle Contae Lú roimh a 4 tráthnóna Déardaoin, 6 Bealtaine 2021.

RÉIMSE GNÍOMHAÍOCHTA EALAÍONTA

1. Gníomhaíocht an Iarratasóra nó na heagraíochta is iarratasóir

- | | | | |
|------------------------|--------------------------|--------------------------|--------------------------|
| Amharcealaíona | <input type="checkbox"/> | Amharclann | <input type="checkbox"/> |
| Ealaíon Pobail | <input type="checkbox"/> | Scannáin/Meáin Mheasctha | <input type="checkbox"/> |
| Ealaíonta Traidisiúnta | <input type="checkbox"/> | Ceol | <input type="checkbox"/> |
| Litríocht/Filíocht | <input type="checkbox"/> | Oideachas Ealaíon | <input type="checkbox"/> |
| Damhsa | <input type="checkbox"/> | Scannán & Físeán | <input type="checkbox"/> |
| Féile | <input type="checkbox"/> | Meantóireacht/ | <input type="checkbox"/> |
| Eile | <input type="checkbox"/> | Tabhair na sonraí _____ | |

An méid a iarrtar	€
-------------------	---

SONRAÍ AN IARRATASÓRA	
Ainm an Iarratasóra Nó Ainm na hEagraíochta	
Seoladh an Iarratasóra nó na hEagraíochta is Iarratasóir Tabhair an EIRCHÓD	
Ríomhphost	
Uimhir fóin	

Deontais faoin Acht Ealaíon 2003

Seoladh an tsuímh ghrásáin más ann	
Dearbhaím go bhfuil cónaí orm i gContae Lú	TÁ <input type="checkbox"/>

Gníomhaíochtaí Ealaíonta

Inis dúinn fút féin (nó faoi d'eagraíocht ealaíon). Tabhair gearrchuntas dúinn ort féin agus ar an obair ealaíon atá déanta agat le tamall anuas.
(150 focal ar a mhéad)

CUR SÍOS AR DO THOGRA EALAÍONTA

Tabhair achoimre ar an togra is ábhar do d'iarratas ar mhaoiniú.
Abair cad is mian leat a bhaint amach, cé a bheidh páirteach ann, an obair a dhéanfar, cá ndéanfar é, na torthaí agus mar sin de. (500 focal ar a mhéad)

An Buntáiste do do Chleachtas Ealaíonta

Inis dúinn faoin tslí a gcabhróidh an maoiniú le do chleachtas ealaíonta féin. (100 focal ar a mhéad)

Amlíne

Tabhair príomhthréimhsí do thionscadail (100 focal ar a mhéad)

Meastóireacht

Déan cur síos ar an tslí a ndéanfaidh tú do thionscadal a dhoiciméadú agus a mheas. (100 focal ar a mhéad)

Buíochas as Maoiniú CreateLouth a léiriú

Mínigh an tslí a n-admhóidh tú maoiniú CreateLouth, má éiríonn leat (100 focal ar a mhéad)

EOLAS AIRGEADAIS

Tabhair sonraí do chostais tionscadail uile (ceangail buiséad ar leithligh más gá).

Ba cheart go n-áireofaí sa bhuiséad costas iomlán na gníomhaíochta a bhfuil tú ag déanamh iarratais air, agus an méid de sin atá á lorg agat ó Chomhairle Contae Lú.

Caithfear fianaise a thaispeáint den chaoi ar shroich tú an méid iomlán seo trí na míreanna agus na costais ghaolmhara go léir a liostáil.

Cuir san áireamh gach caiteachas airgeadais atá beartaithe lena n-áirítear, mar shampla más infheidhme: táillí ealaíontóra, táillí éascaitheora, fruilíú ionad, fruilíú trealaimh, ábhair, poiblíocht, priontáil, árachas srl. Cuir san áireamh ioncam airgeadais beartaithe ó dheontais eile * (sonraigh iad), urraíochtaí príobháideacha, ceardlanna, saothair ealaíne a dhíol, díolachán ticéad srl.

Caiteachas Measta:

Ioncam Measta:

Caiteachas Iomlán	€		
Ioncam Iomlán	€		
An tIomlán a Iarrtar	€		
An bhfuair tú nó an ndearna tú iarratas ar aon mhaoiniú poiblí eile? (ciorclaigh más cuí)		TÁ	NÍL
Má rinne, tabhair an fhoinse agus méid an mhaoinithe sin*			
Uimhir PSP nó Uimhir Thagartha Chánach nó Uimhir Charthanais (CHY)			

Tá na treoirínte agus na critéir a bhaineann leis an gciste léite agus tuigte agam agus aontaím iad a chomhlíonadh go hiomlán. Deimhním go bhfuil an fhaisnéis uile a chuirtear ar fáil san iarratas seo, agus an fhaisnéis uile a thugtar in aon doiciméad a cuireadh isteach mar thaca leis an iarratas fíor agus cruinn agus nach ndearna mé iarratas ar aon údarás áitiúil eile chun an ócáid seo a mhaoiniú.

Ainm: Bloclitreacha _____

Síniú: _____

Dáta: _____

Thar ceann: _____

(Ainm na heagraíochta más cuí)

Conas Iarratas a Dhéanamh:

Is féidir iarratais a sheoladh i ríomhphost chuig arts@louthcoco.ie nó leis an bpost chuig An tSeirbhís Ealaíon, Comhairle Contae Lú, Halla an Chontae, Bóthar San Alfonsas, Dún Dealgan, Co. Lú A91 KFW6

Is féidir méid áirithe doiciméad tacaíochta a chur isteach más gá.

Ní mór iarratais a bheith faighte ag Comhairle Contae Lú roimh a 4 tráthnóna Déardaoin, 6 Bealtaine 2021.

(Is féidir nach mbeidh an foirgneamh ar oscailt de bharr na srianta)

Caithefar an t-iarratas a líonadh isteach go hiomlán – mura líontar, ní ghlacfar leis mar iarratas bailí.

TREOIRLÍNTE

EOLAS TÁBHACHTACH, LÉIGH GO CÚRAMACH

Cé atá cáilithe chun iarratas a dhéanamh?

Beidh fáilte roimh iarratais ó ealaíontóirí gairmiúla atá ag cleachtadh, as gach foirm agus seánra ealaíne. Glacfar le hiarratais ó eagraíochtaí ealaíon a bhfuil ealaíontóirí gairmiúla i gceist sa togra. Ní mór d'iarratasóirí a bheith ina gcónaí i gContae Lú.

Cé nach bhfuil cáilithe chun iarratas a dhéanamh?

- Daoine faoi 18 mbliana d'aois
- Mic léinn nach bhfuil céim acu go fóill
- Duine ar bith atá ag fáil oideachas lánaimseartha

Má éiríonn liom, conas a gheobhaidh mé an t-airgead?

Déanfar an íocaíocht tar éis do na moltóirí glacadh leis an iarratas agus an dea-scéala a chur chugat.

Is trí Ríomhaistriú Cistí amháin a dhéanfar an íocaíocht. Caithfear sonraí bainc a chur isteach chun an t-aistriú a dhéanamh. Iarratasóirí a n-éireoidh leo, gheobhaidh siad Litir Thairisceana a bheidh mar chonradh idir Comhairle Contae Lú agus an t-eagraí agus tabharfaidh sé mionsonraí na gcoinníollacha agus na riachtanas go léir. Caithfidh gach iarratasóir a n-éireoidh leo na sonraí bainc seo a leanas a sholáthar: Ainm / Seoladh an Bhainc / Uimhir Chuntais / Cód Sórtála / Uimhir IBAN / BIC.

Foilseofar ar shuíomh Gréasáin Chomhairle Contae Lú www.louthcoco.ie liosta de na tionscadail rathúla.

Admháil

Caithfear CreateLouth a chreidiúnú i ngach ábhar poiblíochta, foilseachán caidrimh poiblí agus nó agallaimh leis na meáin agus a lógó a chur ar aon ábhar clóite a bhaineann leis an ócáid nó leis an tionscadal.

Séanadh – léigh go cúramach. Beidh sé mar choinníoll d'aon iarratas ar mhaoiniú faoi théarmaí agus choinníollacha an Chiste Deontais go bhfuil an méid seo a leanas léite, tuigte agus glactha ag an iarratasóir:

Ní bheidh Comhairle Contae Lú faoi dhliteanas don iarratasóir ná d'aon pháirtí eile, maidir le haon chaillteanas, damáiste nó costais de chineál ar bith a eascróidh go díreach nó go hindíreach as:

1. An t-iarratas nó ábhar an iarratais.

Deontais faoin Acht Ealaíon 2003

2. Diúltú d'iarratais ar chúis ar bith. Ní bheidh Comhairle Contae Lú freagrach ná faoi dhliteanas, tráth ar bith i gcás ar bith maidir le haon ábhar ar bith a thiocfaidh as riar gníomhaíochtaí.
3. Trí iarratas a chur isteach, tugann iarratasóirí cead do Chomhairle Contae Lú, agus do thríú páirtithe eile, más gá faisnéis an iarratasóra a phróiseáil agus a nochtadh más gá, ar mhaithe le riar, tuairisciú, meastóireacht agus iniúchadh an chiste;
4. Aontaíonn Comhairle Contae Lú bearta oiriúnacha a úsáid chun sonraí iarratasóirí a choinneáil slán sábháilte, chun nochtadh, rochtain nó athrú neamhúdraithe nó de thaisme na sonraí sin a chosc; agus a chinntiú nach ndéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil ach de réir fhorálacha ábhartha na rialachán um Chosaint Sonraí.

Na critéir

Déantar gach iarratas a mheas ar bhonn na faisnéise a sholáthraítear i ngach iarratas, agus bronntar marcanna orthu ar thrí chritéar:

- A mhéad a chabhraíonn siad le cuimsiú sóisialta (20%);
- Nuálaíocht agus caighdeán an tsaothair ealaíne atá beartaithe (50%);
- Taithí roimhe seo, cáilíochtaí agus a dháiríre atá na hiarratasóirí (30%).

Caithfear an méid seo a leanas a thaispeáint go soiléir i d'iarratas:

- Ba chóir do dhaoine C.V. agus ráiteas ealaíontóra, a chur lena n-iarratas.
- Ba chóir do gach grúpa C.V. ó gach ealaíontóir / éascaitheoir a bheidh páirteach sa tionscadal a chur ar fáil.
- Caithfear an t-iarratas a líonadh isteach go hiomlán – mura líontar, ní ghlacfar leis mar iarratas bailí.
- Ní thabharfar cúnamh ach maidir le gníomhaíochtaí ar leith sa todhchaí agus ní i leith fiacha as imeachtaí roimhe seo a ghlanadh.
- Ní mór d'iarratasóirí a fuair deontais ealaíon ó Chomhairle Contae Lú sna blianta roimhe seo dátaí na ndeontas go léir agus na méideanna a fuarthas a lua.
- Iarrfar ar iarratasóirí a fuair deontas ealaíon ó Chomhairle Contae Áitiúil Lú sna blianta roimhe seo admhálacha agus cruthúnas a thabhairt don chomhairle ar an gcaoi ar caitheadh an t-airgead seo, agus fianaise ar chreidiúnú.
- Sonraí faoi aon fhoinsí maoinithe nó iarratais atá á ndéanamh ar dheontais eile.
- Má tá obair le daoine óga i gceist le d'iarratas caithfidh beartas cosanta leanaí a bheith agat.
- Caithfear CreateLouth a chreidiúnú i ngach ábhar poiblíochta, foilseachán caidrimh poiblí agus nó agallaimh leis na meáin agus a lógó a thaispeáint in aon ábhar clóite a bhaineann leis an ócáid nó leis an tionscadal.
- Caithfear gach iarratas a fháil faoin am agus faoin dáta deiridh; ní ghlacfar le haon iarratais dhéanacha.
- Beidh bronnadh an mhaoinithe deontais seo faoi réir chomhlíonadh na gceanglas reachtúil go léir, iad siúd a bhaineann leis an ionad agus riachtanais cosanta leanaí. Mura gcomhlíontar iad, déanfar an maoiniú a chur ar ceal.
- Iarrtar ort cloí freisin leis na srianta sláinte reatha COVID-19 a bheidh i bhfeidhm tráth na hócáide / an chláir.

Deontais faoin Acht Ealaíon 2003

- Ná cuir ábhar uathúil nach féidir a chur ar ais le d'iarratas ar chúinse i gcás ar bith; ní bheidh Comhairle Contae Lú freagrach as aon ábhar den sórt sin, nó as aon ábhar a thabhairt ar ais.
- Togra nach bhfuil cuspóir ealaíonta aige, mar shampla: Ní chumhdófar gníomhaíochtaí carthanacha, oidhreachta, caitheamh aimsire ginearálta ná spóirt faoin scéim seo.
- Caithfidh deimhniú imréitigh cánach cothrom le dáta, agus ráiteas cuntas deimhnithe cothrom le dáta, a bheith mar chuid de gach iarratas. Caithfear an deontas a bhronntar a úsáid don tionscadal a ndearna iarratas ina leith.
- Caithfidh iarratasóirí a bheith os cionn 18 mbliana d'aois.
- D'fhéadfaí athbhreithniú iar-imeachta a dhéanamh ar thionscadail mhaoinithe agus áireofar air sin an tslí a caitheadh an t-airgead.